

An Oifig Faisnéise
Áras na Talmhaíochta
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2



Preasoifig/Oifig na Faisnéise
Teach na Talmhaíochta
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 WK12

Teil: (01) 607 2802

Twitter: 

Ríomhphost:
press@agriculture.gov.ie

Láithreán gréasáin:
www.agriculture.gov.ie

Má bhíonn aon cheist agat faoin bpreasráiteas seo, déan teagmháil le
press@agriculture.gov.ie

14/17
2017

grianghraf ceangailte, foscríbhinn leabaithe

An 1ú Feabhra

**Straitéisí d'Fhorbairt Áitiúil seolta ag an Aire Creed do sheacht gcinn de Ghrúpaí Áitiúla
Gníomhaíochta lascaigh**

Tá Straitéisí d'Fhorbairt Áitiúil seolta inniu ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D., do na 7 nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta lascaigh (FLAG), a bunaíodh faoi Chlár Oibríochta an Chiste Eorpaigh Muirí (EMFF) agus lascaigh, agus d'fhógair an chéad ghlaoch ar iarratais ar an gciste €12 mhilliún atá ar fáil.

Dúirt an tAire Creed: "Tá ríméad orm a fhógairt go bhfuil na Straitéisí Forbartha Áitiúla do na 7 ngrúpa FLAG foilsithe againn. *Beidh na Straitéisí seo ina dtreoir ag na grúpaí maidir leis an leas is fearr a bhaint as an gciste €12 mhilliún atá ar fáil dóibh faoi Chlár Oibríochta an EMFF. Trí na Straitéisí céanna, cuirfear tionscadail nuálaíochta chun cinn i réigiúin na ngrúpaí agus tacófar leo. Cothófar fás eacnamaíochta agus beidh poist ann nuair a chuirfear le luach táirgí mara agus le héagsúlacht gheilleagar áitiúil na gceantar le cósta nuair a chuirfear tús le gníomhaíochtaí eacnamaíochta nua, go háirithe in earnáil na mara. D'fhorbair na 7 ngrúpa FLAG na Straitéisí nua seo le linn 2016 agus is de bharr an-chuid anailíse agus comhairliúcháin atá siad ann. Baineann an anailís agus an comhairliúchán sin le riachtanais na bpobal atá i réigiúin chósta agus leis na deiseanna atá ann iad a fhás agus a fhorbairt."*

Dúirt an tAire Creed chomh maith: *"Cúis áthais eile dom a fhógairt go bhfuil na 7 ngrúpa FLAG ag tabhairt cuireadh do phobal a réigiún féin iarratais a dhéanamh maoiniú a fháil le haghaidh tionscadal a chuireann le cuspóirí na Straitéise Forbartha Áitiúla acu. Tá €2.4 mhilliún curtha ar fáil agam do Bhord Iascaigh Mhara in 2017, roinnfear an méid sin go hiomlán ar na tionscadail a roghnóidh na grúpaí FLAG chun tacaíochta in 2017. Beidh €12 mhilliún san iomlán ar fáil le linn do Chlár EMFF a bheith ann."*

Cuireann maoiniú faoi Scéim FLAG leis an bPlean Gnímh d'Fhorbairt Tuaithe.



Nótaí d'Eagarthóirí

Seoladh Clár Oibríochta EMFF i mí Eanáir 2016. Cuirtear maoiniú €240m faoin gClár ar fáil don earnáil bia mara (iascaigh, uiscehaothrú agus próiseas bia mara) thar an tréimhse 2014 go 2020. An Státhiste agus an tAontas Eorpach a mhaoiníonn an Clár eatarthu.

Tar éis Próiseas Léirithe Spéise a bheith ann go luath sa bhliain 2016, d'fhógair an tAire Creed na 7 ngrúpa FLAG ar éirigh leo an 30 Lúnasa 2016. Is cosúil tionscnamh na ngrúpaí FLAG le LEADER faoin gClár Forbartha Tuaithe, ach díreann ar cheantair iascaigh agus uiscehaothraithe atá le cósta i gcás thionscnamh EMFF.

An 1 Samhain 2016, d'fhógair an tAire Creed leithroinnt mhaoiniú EMFF ar na 7 ngrúpa FLAG mar seo a leanas:

Ainm an FLAG	Ceantair le cósta an Chontae	Leithroinnt EMFF
FLAG Iarthar Chiarraí	Ciarraí	€1.53 m
FLAG an Iarthair	Gaillimh, an Clár	€1.80 m
FLAG an Iarthuaiscirt	Maigh Eo, Sligeach	€1.50 m
FLAG an Tuaiscirt	Dún na nGall	€1.95 m
FLAG an Deiscirt	Corcaigh	€1.98 m
FLAG an Oirthuaiscirt	Lú, an Mhí, Baile Átha Cliath	€1.56 m
FLAG an Oirdheiscirt	Cill Mhantáin, Loch Garman, Port Láirge	€1.68 m
	IOMLÁN	€12 m

Déanfaidh na grúpaí FLAG deontais a dhámhachtain ar ghníomhaithe áitiúla ina gceantair féin a bheidh ag teacht lena Straitéisí Forbartha Áitiúla FLAG féin.

Cuidíonn Bord Iascaigh Mhara (BIM), an Ghníomhaireacht Forbartha Bia Mara, le grúpaí FLAG an clár seo a sheachadadh trí thacaíocht a riaradh trí dheontais i gcabhair, oiliúint agus éascú i measc an phobail. Tá comhordaitheoirí FLAG ar fáil i ngach réigiún. Breithníonn na boird FLAG gach iarratas ar thacaíocht agus roghnaíonn tionscadail chun a maoinithe.

CRÍOCH